# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009

# EALAÍN

## Gréaschóiriú

## Gnáthleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Déardaoin, 7 Bealtaine** **Maidin 9.30 – 12.00**

Tá an páipéar seo le tabhairt d'iarrthóirí **Dé Máirt, 28 Aibreán**

**Treoracha**

- Tá cead agat do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin (níl ach **bileog amháin** ceadaithe) a thabhairt isteach go dtí an scrúdú mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú á dheimhniú gurb é do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.
- **Níl cead** agat **áiseanna amhairc** ar bith sa bhreis air seo (e.g. fótagraif, íomhánna rianaithe ná obair ealaíne atá réidh le húsáid) a thabhairt isteach sa scrúdú d'fhonn iad a chóipeáil nó a úsáid i do mholadh dearaidh deireanach.
- Ní cheadaítear ábhair mheatacha orgánacha a úsáid.
- Tá cead agat cibé meáin agus uirlisí ealaíne atá oiriúnach a úsáid chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh, e.g. pinn luaidhe, péint, páipéir dhaite, cárta, páipéar rianaithe, ábhair do chолláis nó do mheáin mheasctha, rialóir, T-bhacart, scian, siosúr, gliú, etc.
- Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal ar gach bileog.
- Scríobh uimhir na ceiste atá roghnaithe agat agus an teideal a ghabhann léi ar gach bileog.

**Céim 1: Bileog Sceitsí Ullmhúcháin (TAIGHDE)** **(0 marc)**

Ba chóir an bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin a dhéanamh le linn na seachtaine roimh an scrúdú agus ba chóir gurb é do chuid **taighde** atá ann. Is é is cóir a bheith ann ná rogha de léirthuiscintí pearsanta agus de smaointe a ndearna tú taighde orthu a bhaineann leis an gceist a roghnaigh tú. Is féidir nótaí a chur le do chuid oibre. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin den bhileog A2. Má úsáideann tú colláis nó íomhánna a gearradh amach, fótagraif nó íomhánna rianaithe, ní mór gach saghas oibre dá leithéid **a ghreamú go cothrom** de do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin.

**Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT)** **(20 marc)**

Cuireann tú do bhileog A2 de réamhsceitsí i gcrích le linn an scrúdaithe. Bileog **fhorbartha** atá anseo inar chóir na smaointe atá agat ar do bhileog de sceitsí ullmhúcháin **a iniúchadh**. Ba chóir go mbreithneofá gach gné den dearadh 2T nó 3T de réir mar a oireann siad don cheist atá roghnaithe agat agus fianaise a bheith ann ar fhorbairt shuntasach bhreise ar na smaointe seo. Tá cead agat sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt do chuid smaointe a léiriú. Ní mór duit do chuid oibre a dhéanamh go glan díreach ar an mbileog A2 agus gan ach sceitsí amháin a úsáid, iad daite más mian leat. Caillfear marcanna más cóip dhíreach ón mbileog de sceitsí ullmhúcháin a dhéanann tú. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin den bhileog A2.

**Céim 3: Moladh Dearaidh Deireanach** **(80 marc)**

Is le linn an scrúdaithe a chuirtear do mholadh dearaidh deireanach i gcrích. Ba chóir duit eolas ar bith a mheasann tú a bheith riachtanach chun do mholadh dearaidh deireanach a chur in iúl, a chur san áireamh agus tagairt ar leith a dhéanamh do ghnéithe amhairc, feidhmiúla agus ábhartha na ceiste a roghnaigh tú, seachas d'aird a dhíriú go hiomlán ar shaothar ealaíne a chur ar fáil a bhfuil bailchríoch den scoth air.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach bán duit a mbeidh ort iad seo a leanas a chur ann:***

- Do **bhileog** A2 **de Sceitsí Ullmhúcháin**
- Do **bhileog** A2 **de Réamhsceitsí**
- Do **Mholadh Dearaidh Deireanach**

## Sleachta Tuairisciúla

### Sliocht A

Madagascar! Léamair chomh maith le hioguánaí lena n-eireabaill cholgacha, ciaróga ag siosarnach, gnáthóga bréagacha agus imeachtaí speisialta. Is cuid iad seo ar fad de thaispeántas nua i dTeach athmhúnlaithe na Leon sa Zú sa Bronx.
Tá dhá leon bhródúla lánmhéide fós ina seasamh ar garda ag doirse Theach na Leon sa Zú sa Bronx, díreach faoi mar a bhí an lá a osclaíodh an foirgneamh sa bhliain 1903. Tá na hionadaithe fíochmhara dealbhaithe seo de speiceas na leon fós ag béicigh agus ag féachaint anuas go bagrach ar chuairteoirí ó na fríosanna ornáideacha lasmuigh.
Bí ar d'aire ar a bhfuil laistigh! Ach tá an ré sin thart. Is fada ó d'imigh na leoin, na liopaird agus na tíogair go dtí gnáthóga eile sa zú, agus tar éis sé bliana tá a seanáitreabh athmhúnlaithe ina chuid eiseamláireach d'fhís athraithe an zú nua-aimseartha. Ba dheacair codarsnacht níos mó a shamhlú idir an fhís nua agus seanfhís an zú.
"Madagascar!" a fhógraíonn comharthaí an bhuantaispeántais nua, a bhfuil na grafaicí cartúin ann ag teacht salach ábhairín ar leoin aolchloiche an fhoirgnimh. Laistigh, gabhann an cuairteoir síos pasáiste a dtugtar 'Conair Chaomhantais' air. Tá cónaí ar léamair shuaithní sna haillte, sna pluaiseanna agus sna foraoiseacha sa Mhadagascar bréagach seo, iad ag spraoi thart agus gan pioc den amhras orthu, de réir dealraimh, ach go bhfuil siad fós ina n-áit dúchais – an t-aon áit, a deirtear linn, ina bhfaightear léamair (36 speiceas!) san fhásach. "I Madagascar amháin", a fhógraíonn na lipéid go bródúil, taobh le tuairiscí ar ainmhithe mar an ioguána leis an eireaball colgach, an toirtís spréite nó an t-éan beag, an fódaí rua. Na léamair go háirithe – tá gleoiteacht dhraíochtach ag baint leo, a n-eireabaill fhada casta timpeall ar ghéaga, a n-aghaidheanna loma caola agus a súile cruinne glinne, agus cuma fhiosrach, dhíocasach, bheo orthu. I "Madagascar" is é an crogall ón Níl faoi deara cuid de na sceitimíní. Tá sé 13½ throigh ar fad, é ina luí in umar 15,000-galún a bhfuil slios trédhearcach air, a nochtann faoin uisce meall a airm chosanta atá mar chúltaca dá ghiall mhantach ghealgháireach. Tá míshocracht de shaghas eile le brath laistigh de bhlaosc chuasach atá cosúil le crann baobab agus é ag lobhadh: bíonn an breathnóir timpeallaithe ag ionathar an chrainn atá dúnta isteach taobh thiar den ghloine, é beo le ciaróga as Madagascar agus iad ag siosarnach.
Is tír neamhghnách í Madagascar de bharr líon na speiceas sainiúil a fhaightear ann; oileán é a bhog amach diaidh ar ndiaidh ó oirdheisceart na hAfraice 150 milliún bliain ó shin, agus dá thoradh sin is beag nach ndearnadh saotharlann iargúlta éabhlóide de. Ach " nuair a bhain daoine an t-oileán amach den chéad uair, breis agus 1,500 bliain ó shin", mar a deirtear linn sa taispeántas, " thosaigh na speicis shainiúla ba mhó i Madagascar ag dul in éag."

Sliocht as *Critters of a Wondrous Isle, Meet Your Friend and Foe,* le Edward Rothstein, le caoinchead an New York Times

### Sliocht B

Tá an lucht éisteachta ag cruinniú le chéile le fada agus de réir mar atá sé ag druidim le ham tosaithe na ceolchoirme, tosaíonn sraith i ndiaidh sraithe de dhaoine ag brú i dtreo an stáitse. Dírítear gathanna léasair amach faoi spéir na hoíche agus soilsíonn siad an taobh tíre máguaird, rud a chruthaíonn scáthchruth d'fhíor na spéire i gcéin. Go mall ansin, tosaíonn buille druma ag éirí níos airde agus ag cruinniú luais de réir mar a shoilsítear an stáitse go mall. Tosaíonn an slua ag bogadach agus ag luascadh leis an rithim, iad ag fanacht go mífhoighneach chun go dtosóidh an ceol. Go tobann, líontar spéir iomlán na hoíche le léasair mar a bheadh soilse neoin iontu, le tinte ealaíne agus le stróbshoilse. Croitheann pléascán fuaime spéir na hoíche agus athraítear dath diangheal na soilse ar an stáitse ina thuile ildaite. Buaileann fear an ghiotáir an chéad chorda a mhaireann fada buan ar an aer agus bogann an lucht éisteachta mar a bheidís ina muir de ghuaillí agus de chloigne preabacha. Méadaíonn ar luas an ghiotáir ag olagón agus ar bhuillí toirneacha an druma, agus tiomáintear an lucht éisteachta ar aghaidh le neart a gcuid rithime.

Dreapann daoine in airde ar dhroim a chéile, iad ag croitheadh t-léinte agus bratacha, chun radharc níos fearr a fháil ar an seó. Tosaíonn an slua ag greadadh a gcos agus croitear gach aon rud. Tosaíonn dordlíne ag sleamhnú isteach sa rithim, cloistear eochracha pianó ag teacht chun cinn, tosaíonn borradh na fuaime ag fáil lámh in uachtar ar chantaireacht an tslua, agus de bhlosc ansin pléasctar an stáitse ina chaora soilse agus tinte ealaíne agus lonraítear an banna.
Tá sceitimíní ar an slua le teann sástachta agus cuireann siad a ngliondar in iúl maidir le gach cuid den phiriteicnic dhrithleach, den seó rí-iontach solais, de na léasair órga agus den chruinneog rothlach atá ag spré solais os cionn a gcloigne. Bíonn na drumaí á bplancadh go glórach, fear an dordghiotáir ag preabadh suas agus anuas le gluaiseacht rithimeach an tslua, an pianadóir ag bualadh foinn ar an bpianó agus an t-amhránaí ag céimniú go péacógach anonn agus anall ar an stáitse, é ag tarraingt agus ag luascadh sheastán an mhicreafóin. Tá sé ag cur na liricí de chomh mear le ceantálaí. Brúnn sé siar eireabaill fhada a chasóige stáitse, cromann amach thar chiumhais an stáitse agus beannaíonn don slua. Tá an slua ag léim suas agus anuas agus na soilse ag lonrú os a gcionn. Tá tús leis an gceolchoirm.

Le caoinchead Eilish O'Dwyer.

**Sliocht C**

Ar na ballaí thart timpeall ar an bpálás, bhí gardaí tuarúla in armúr ar dhath glas na foraoise ag stánadh go hairdeallach máguaird, sleánna agus claimhte á mbeartú acu. Ní hamháin go mbídís ag faire thar na ballaí amach do lucht treaspas amaideach, ach ó am go ham chaithidís súil timpeall laistigh de na ballaí gan fhios …go háirithe i dtreo an phríomhthúir, áit ar bhraith siad fórsaí neamhiontaobhacha a bheith i dtreis.
Agus sa túr ard sin, i seomra cloiche a bhí séalaithe ó radharc na ndaoine lasmuigh, tá fíoracha arda caola i róbaí lonracha ar dhath na turcaide, bróidnithe le híomhánna stílithe airgid den dúlra. Tá na fíoracha seo ag cromadh os cionn pátrún séshleasach atá greanta san urlár. I lár an phátrúin, siombailí i dteanga a bhí ársa ag lucht a n-úsáidte fiú, bhí siad beo bladhmach as a stuaim féin. Bhí súile lonracha gan mhogaill ag stánadh amach faoi na cochaill agus na sióga oíche ag monabhar na bhfocal draíochta. Bhí brat allais ag spré thar a gcraiceann dorcha corcairghorm de réir mar a bhí ag méadú ar an draíocht laistigh den phátrún.
Aon duine amháin eile a bhí ag faire air seo go léir, ag sú isteach gach focal agus geáitse de. Agus í ina suí ar chathaoir shómasach eabhair agus leathair, bhí a bláithfholt airgid gruaige ina fhráma thart ar a ceannaithe gan mháchail, agus a gúna fada síoda – chomh hórga lena súile – ag cur lena cruth fíorálainn ar an gcaoi ceannann céanna. Ba bhanríon ina steillbheatha í. Shín sí siar le cúl na cathaoireach ag ól fíona ina bhraonacha as corn órga. Bhaintí cling as a bráisléid sheodmhara nuair a chorraíodh sí a lámh, agus lonraíodh an rúibín sa tiara a bhí á chaitheamh aici faoi sholas na bhfórsaí asarlaíochta a raibh glaoite orthu ag an dream eile.

Tharla cogadh agus bhí deireadh leis. Thuig Krasus mar sin go dtabharfadh an stair cuntas luath nó mall ar ar tharla. Is beag ná go gcaillfí sa tuairisc sin an líon gan áireamh de bheathaí daoine a loiteadh, de thailte a scriosadh, agus ár an domhain seo uile ar seachnaíodh é ar éigean. Bíonn cuimhne na ndragan féin neamhbhuan i gcúinsí mar iad, fiú, a d'admhaigh an phearsa mhílítheach faoi éide liath dó féin. Thuig sé é sin go rímhaith, mar cé go raibh dealramh aige féin le pearsa scrogallach, pearsa a bhí geall le bheith siógach agus a raibh cuma an tseabhaic air, a chuid gruaige ag éirí geal-liath agus trí cholm fhada ag síneadh ar feadh a leicne ar dheis, ba mhó go mór ná sin a ghradam. D'fhormhór a lucht aitheantais, ba dhraoi é ach do dhream beag ar leith *Korialstrasz* a bhí mar ainm air – ainm nach mbeadh ach ar dhragan. Ba dhragan é Krasus nuair a saolaíodh é, dragan maorga dearg, an céile ab óige a bhí ag Alexstrasza mhór.

Sliocht as *War Craft, War of the Ancients Archive* le Richard A. Knaak

**Déan dearadh do cheann amháin de na ceardaíochtaí seo a leanas:**

**1. Litreoireacht agus Peannaireacht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Cárta cuiridh d'oscailt an Zú nua sa Bhronx, bunaithe ar shliocht A

(b) Bileoigín chun an cheolchoirm a fhógairt, bunaithe ar shliocht B.

(c) Píosa peannaireachta bunaithe ar shliocht C.

Is féidir leat íomhánna agus móitífeanna maisithe a bheith ann. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**2. Líonóilghearradh agus Priontáil**

Déan dearadh do phrionta líonóile bunaithe ar cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) "Leoin, liopaird agus tíogair" bunaithe ar shliocht A.

(b) Ceoltóir bunaithe ar shliocht B.

(c) Fíor bunaithe ar shliocht C.

Ba chóir go mbeadh do dhearadh oiriúnach do phrionta ar aon dath amháin **nó** do phrionta a úsáideann trí dhath ar a mhéid. Cuir san áireamh na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le líne, cruth, contrárthacht agus uigeacht. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**3. Fabraicphriontáil agus Baitíc**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Taipéis bhalla bunaithe ar roinnt de na hainmhithe a luaitear i sliocht A.

(b) Patrún do scaif bunaithe ar an gceolchoirm, bunaithe ar shliocht B.

(c) Taipéis bhalla bunaithe ar 'Dragain agus Draíocht', bunaithe ar shliocht C.

Ba chóir go mbeadh do dhearadh oiriúnach do bhlocphriontáil, do scáthlánphriontáil, do bhaitíc nó do phriontáil le stionsal. Úsáid dhá dhath ar a laghad i do dhearadh. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**4. Bróidnéireacht**

Déan dearadh do bhróidnéireacht bunaithe ar cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Taipéis bhalla bhróidnithe bunaithe ar an Zú, bunaithe ar shliocht A.

(b) Suaitheantas bróidnithe ag comóradh na ceolchoirme, bunaithe ar shliocht B.

(c) Píosa d'fheisteas ornáideach bróidnithe bunaithe ar shliocht C

Ba chóir duit eolas a bheith ann ar na hábhair a d'úsáidfeá chun do dhearadh a dhéanamh. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**5. Fíodóireacht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Ruga urláir bunaithe ar ainmhithe fiáine, bunaithe ar shliocht A.

(b) Taipéis bhalla bunaithe ar an seó piriteicnice/solais, bunaithe ar shliocht B.

(d) Cumhdach cúisín bunaithe ar do rogha téama a bhaineann le sliocht C.

Ba chóir sonraí na n-ábhar atá le húsáid a thabhairt i do dhearadh. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**6. Criadóireacht**

Dear saothar criadóireachta do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Bosca do shíntiúis airgid don zú, bunaithe ar shliocht A.

(b) Plaic ag comóradh ceolchoirm rac, bunaithe ar shliocht B.

(c) Corn fíona a d'úsáid an bhanríon, bunaithe ar shliocht C.

Tabhair sonraí na dteicníochtaí atá le húsáid chun an píosa a dhéanamh. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**7. Puipéadacht**

Dear puipéad feistithe do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Ainmhí fiáin ar bith, bunaithe ar shliocht A.

(b) An tAmhránaí, bunaithe ar shliocht B.

(c) An Bhanríon, bunaithe ar shliocht C.

Is féidir do dhearadh a dhéanamh do phuipéad miotógach, do phuipéad slaite nó do phuipéad ar iall. Ba chóir duit an chaoi a ndéanfar an puipéad a léiriú, agus sonraí a thabhairt maidir le hábhair, dath, maisiúchán agus bailchríoch. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**8. Leabharcheardaíocht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Fillteán chun fótagraif de na hainmhithe a choimeád, bunaithe ar shliocht A.

(b) Comhad bosca chun cuimhneacháin na ceolchoirme a choimeád, bunaithe ar shliocht B.

(c) Clúdach do leabhar fantaisíochta dar teideal '*Korialstrasz'*, bunaithe ar shliocht C.

Is féidir cruth ar bith a bheith ar do dhearadh agus ní mór duit an chaoi a ndéanfar é a léiriú. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**9. Dearadh Fógraíochta**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Bróisiúr don 'Conair Chaomhantais' nua, bunaithe ar shliocht A.

(b) Póstaer ceolchoirme, bunaithe ar shliocht B.

(c) Póstaer ag fógairt lainseáil an leabhair 'Ceardaíocht Chogaíochta', bunaithe ar shliocht C.

Ní mór duit litreoireacht a úsáid. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**10. Múnlóireacht agus Snoíodóireacht**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Dealbhóireacht de leon faire, bunaithe ar shliocht A.

(b) Plaic bhalla ag léiriú ceolchoirme, bunaithe ar shliocht B.

(c) Dealbhóireacht de ghaiscíoch bunaithe ar shliocht C.

Ba chóir go léireodh do dhearadh sonraí na n-ábhar agus na dteicníochtaí a d'úsáidfí chun an píosa a dhéanamh. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

**11. Seiteanna Stáitse**

Déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Clós do cheann ar bith de na hainmhithe nua, bunaithe ar shliocht A.

(b) Láithreán stáitse do cheolchoirm, bunaithe ar shliocht B.

(c) Taispeántas fuinneoige chun lainseáil an leabhair 'Ceardaíocht Chogaíochta' a chur i láthair an phobail, bunaithe ar shliocht C.

Tabhair sonraí maidir le hábhair, dath agus imeartas solais. Ní mór duit pointe tosaigh / réasúnaíocht do dhearaidh a mhíniú.

Leathanach Bán